3

Communication
Cumarsáid

3 Communication

Communication is one of the sixteen national Standards of *Síolta* and is a key constituent of quality in ECCE services, ensuring that vital information is transferred from the home to the setting, within the setting and from the setting to the home.

Little research in the Irish context focuses specifically on this theme, namely one reference. This provides a practical overview of how to facilitate and promote communication within ECCE settings (Máirtín, 2004a). It is important to remember, as outlined in the Introduction, that while it may not be their principal focus, many other publications contain information and data relating to Communication. However, it is imperative that future research focuses on this theme to ensure that all those managing and working in ECCE settings are supported by indigenous research relating to the collection, storage and dissemination of information on all aspects of the setting's work.

Cumarsáid

Tá Cumarsáid ar cheann de na sé Chaighdeán náisiúnta déag de chuid *Síolta* agus is gné lárnach é de cháilíocht i seirbhísí COLO, ag cinntiú go n-aistrítear faisnéis thábhachtach ón mbaile go dtí an suíomh, laistigh den suíomh agus ón suíomh ar ais go dtí an baile.

Níl fócas sonrach ag mórán taighde i gcomhthéacs na hÉireann ar an téama seo, agus mar sin níl ach tagairt amháin ann. Tugann sé sin forbhreathnú praiticiúil ar conas cumarsáid a éascú agus a chothú laistigh de shuímh COLO (Máirtín, 2004a). Tá sé tábhachtach a chuimhneamh, mar a mhínítear sa Réamhrá, cé nach bhfuil an chumarsáid mar phríomhfhócas foilseachán eile, cuimsíonn go leor foilseachán faisnéis agus sonraí maidir leis an gCumarsáid. Tá sé riachtanach, áfach, go ndíreoidh taighde ar an téama seo sa todhchaí, chun a chinntiú go mbeidh taighde dúchasach ar bhailiú, stóráil agus scaipeadh faisnéise faoi gach gné d'obair an tsuímh ann chun tacú le gach aon duine a bhainistíonn nó a oibríonn i suímh COLO.

Máirtín, C. (2004a). An Chumarsáid (in) Uí Ghrádaigh, D. (Eag.) (2004). *Cúnamh: Tacábhar Cúram Leanaí 0 – 6*. Baile Átha Cliath: Forbairt Naíonraí Teo, pp. 21-22.